

# Síntiúis do Pháirtithe Polaitíochta

## 2016

*Tuarascáil chuig Cathaoirleach Dháil Éireann de bhun  
alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997*



**Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí**  
**Standards in Public Office Commission**

**An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí**  
**18 Sráid Líosain Íochtarach**  
**Baile Átha Cliath 2**

**Teileafón: (01) 6395666**  
**Ríomhphost: [sipo@sipo.ie](mailto:sipo@sipo.ie)**  
**Suíomh Gréasáin: [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie)**  
**Twitter: @SIPOCIreland**

**Meitheamh 2017**


## **Clár Ábhar**

### **Brollach**

<b>Caibidil 1</b>	<b>Réamhrá</b>
<b>Caibidil 2</b>	<b>Síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta</b>
<b>Caibidil 3</b>	<b>Aonaid Chuntasaíochta</b>
<b>Caibidil 4</b>	<b>Foilsíú Doiciméad Reachtúil</b>
<b>Aguisíní</b>	
<b>Aguisín 1</b>	<b>Páirtithe Polaitíochta Cláraithe</b>
<b>Aguisín 2</b>	<b>Sonraí faoi na síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta don bhliain 2016</b>

## Brollach

Tá áthas orm an tuarascáil seo a thabhairt don Cheann Comhairle (Cathaoirleach Dháil Éireann) de réir alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú. Pléitear sa tuarascáil seo leis na ráitis síntiús bhliantúla/na deimhnithe síntiús airgid agus na dearbhuithe reachtúla maidir leis an mbliain 2016 a thug páirtithe polaitíochta don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de bhun alt 24 den Acht.



---

An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe  
Cathaoirleach  
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí  
Meitheamh 2017

## Caibidil 1 Réamhrá

Tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, ceanglaítear le halt 24(1)(b) den Acht ar pháirtithe polaitíochta ráiteas síntiús lena gcumhdaítear an bhliain féilire roimhe a thabhairt don Choimisiún. Sa bhliain 2016, bhí oibleagáid ar 20 páirtí polaitíochta a bhí cláraithe le dul san iomaíocht i dtoghcháin Dála nó Eorpacha ráiteas síntiús a thabhairt i ndáil leis an mbliain 2016. Bhí oibleagáid ar gach páirtí polaitíochta cláraithe a ráiteas síntiús a thabhairt faoin 31 Márta 2017. Chomhlíon 12 pháirtí polaitíochta na ceanglais reachtúla go hiomlán faoi spriocdháta an 31 Márta. Chomhlíon gach páirtí eile na ceanglais tar éis an dáta sin. D'éirigh le 7 gcinn de na 8 bpáirtí polaitíochta a raibh a dtuairisceáin fós amuigh an reachtaíocht a chomhlíonadh faoin 2 Bealtaine 2017.

Tá liosta de pháirtithe polaitíochta ar eisigh an Coimisiún ráiteas síntiús chucu le fáil in Aguisín 1.

## Caibidil 2 Síntiús a nocht páirtithe polaitíochta

Sa ráiteas síntiús ó pháirtí polaitíochta, ní mór a léiriú cé acu a fuair nó nach bhfuair an páirtí síntiús nó síntiús ar mhó a luach ná €1,500 ón aon fhoinse amháin sa bhliain féilire roimhe. Ní mór ainm agus seoladh poist an duine a ndearnadh an síntiús thar a cheann agus tuairisc air a thabhairt in éineacht leis na síntiús a nochtar.

Is é €2,500 an luach uasta síntiús a bhféadfaidh páirtí polaitíochta glacadh leis ón aon duine amháin san aon bhliain féilire amháin. Ní féadfaidh páirtí glacadh le síntiús corparáideach ná le síntiús gnó ar mó a luach ná €200 ach amháin i gcás go bhfuil an síntiúsóir cláraithe mar Shíntiúsóir Corparáideach leis an gCoimisiún. Chomh maith leis sin, coisctear ar pháirtí polaitíochta glacadh le síntiús eachtracha ó dhuine aonair (seachas saoránach Éireannach) a chónaíonn lasmuigh d'oileán na hÉireann. Mar an gcéanna, ní féadfar glacadh le síntiús ar bith, de luach ar bith, ó chomhlacht corpraithe nó ó chomhlacht neamhchorpraithe daoine nach bhfuil oifig aige ar oileán na hÉireann óna stiúrtar ceann amháin ar a laghad dá phríomhghníomhaíochtaí.

### Suim na síntiús a nocht páirtithe polaitíochta

Ba é **€163,640** luach iomlán na síntiús a nocht páirtithe le linn na bliana 2016. Tugtar in Aguisín 2 mionsonraí faoi na síntiús a nocht páirtithe polaitíochta i ndáil leis an mbliain 2016. Tá achoimre ar na síntiús a nochtadh tugtha thíos:

Páirtí	Iomlán na Síntiús a nochtadh €
An Comhaontas Frith-Dhéine agus Pobal roimh Bhrabús	4,800.00
Fine Gael	65,324.00
An Comhaontas Glas	6,500.00
Páirtí an Lucht Oibre	4,900.00
Sinn Féin	32,883.00
Na Daonlathaithe Sóisialta	5,000.00
An Páirtí Sóisialach	39,518.00
An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe	4,715.00
<b>Iomlán</b>	<b>163,640.00</b>

## Caibidil 3 Aonaid Chuntasaíochta

Ní mór don chisteoir nó d'aon duine eile atá freagrach as déileáil le síntiúis a thugtar do chraobh nó d'fho-eagraíocht eile de chuid páirtí polaitíochta cuntas síntiús polaitíochta a oscailt agus a chothabháil in institiúid airgeadais sa Stát agus aon síntiúis a fhaightear a thaisceadh sa chuntas sin.

Ní mór don duine freagrach na nithe seo a leanas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Márta gach bliain:

\* ráiteas ón institiúid airgeadais inar osclaíodh an cuntas síntiús polaitíochta ina sonraítear na hidirbhearta a rinneadh i ndáil leis an gcuntas sa bhliain roimhe (ráiteas bainc), agus

\* deimhniú (Deimhniú Síntiús Airgid), a bhfuil a ainm leis, ina luaitear go ndearnadh na síntiúis airgid uile a fuarthas sa bhliain roimhe a thaisceadh sa chuntas agus gur chun críocha polaitiúla a úsáideadh na suimeanna uile a baineadh as an gcuntas, agus

\* dearbhú reachtúil, a bhfuil a ainm leis, ina luaitear, de réir mar is fearr is eol don duine agus mar a chreideann sé, go bhfuil an deimhniú ceart i ngach ponc ábhartha agus go ndearnadh gach beart réasúnach chun é féin a shásamh go bhfuil an deimhniú cruinn.

Is cion é, faoi alt 25(1)(c) den Acht, don chisteoir/duine freagrach de chuid aonad cuntasaíochta mainneachtain an ceanglas sin a chomhlíonadh.

Tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil feabhas tagtha ar sholáthar na ndoiciméad ábhartha ag aonaid chuntasaíochta. Chuir 87% d'aonaid chuntasaíochta a dtuairisceáin isteach chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin faoin spriocdháta an 31 Márta 2017. Ba é 78% an figiúr coibhéiseach don bhliain 2016.

Tábla na dtuairisceán a fuarthas ó Aonaid Chuntasaíochta maidir leis an mbliain 2016

Páirtí Polaitíochta	Suim iomlán na n-aonad cuntasaíochta	Tuairisceán a fuarthas roimh an spriocdháta	Tuairisceán a fuarthas tar éis an spriocdháta
Fine Gael	41	38	3
Fianna Fáil	36	36	0
Páirtí an Lucht Oibre	32	25	7
Sinn Féin	14	13	1
An Comhaontas Glas	13	13	0
An Comhaontas Frith-Dhéine agus Pobal roimh Bhrabús	11	8	3
Na Daonlathaithe Caitliceacha	1	0	1
Páirtí Cumannach na hÉireann	1	1	0
Daonlathas Duitse in Éirinn	1	1	0
Fís Nua	1	1	0
Aitheantas Éire	1	0	1
Neamhspleáigh ar son an Athraithe	1	0	1
An Páirtí Daonlathach Éireannach	1	0	1
Comhaontas Neamhspleách Chiarraí	1	0	1
Renua Éireann	1	1	0
Na Daonlathaithe Sóisialta	1	1	0
An Páirtí Sóisialach	1	1	0
Páirtí na nOibrithe	1	0	1
An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe	1	1	0
Páirtí na nDaoine Aontaithe	1	0	1
<b>Iomlán</b>	<b>161</b>	<b>140</b>	<b>21</b>

Cistí a bhí á sealbhú ag aonaid chuntasaíochta sa bhliain 2016

Ní cheanglaítear ar aonaid chuntasaíochta ráiteas síntiús a chur isteach chuig an gCoimisiún. Mar sin, bíonn sé doiligh don Choimisiún a fháil amach cárb as a dtagann an t-airgead atá á shealbhú i gcuntas síntiús polaitíochta na n-aonad cuntasaíochta. Ba é €583,883.43 an t-iarmhéid deiridh comhiomlán a bhí á shealbhú ag aonaid chuntasaíochta i ndáil leis an mbliain 2016. Tá an Coimisiún fós den tuairim gur gá an reachtaíocht a bheachtú tuilleadh chun a chinntiú go mbeidh trédhearcacht iomlán ann maidir le haonaid chuntasaíochta.

## Caibidil 4 Foilsiú Doiciméad Reachtúil

De réir alt 24(7)(a) den Acht, rinne an Coimisiún na ráitis síntiús/na dearbhuithe reachtúla a thug páirtithe polaitíochta a leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas inniu.

De réir alt 73 den Acht, chuir an Coimisiún na ráitis síntiús/na dearbhuithe reachtúla ar fáil lena n-íniúchadh agus lena gcóipeáil ag an bpobal ina oifigí ag 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Tá an fhaisnéis ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie).



## Aguisín 1 Páirtithe Polaitíochta Cláraithe

An Comhaontas Frith-Dhéine agus Pobal roimh Bhrabús
Na Daonlathaithe Caitliceacha
Páirtí Cumannach na hÉireann
Daonlathas Duitse in Éirinn
Fianna Fáil
Fine Gael
Fís Nua
An Comhaontas Glas
Aitheantas Éire
Neamhspleáigh ar son an Athraithe
An Páirtí Daonlathach Éireannach
Comhaontas Neamhspleách Chiarraí
Páirtí an Lucht Oibre
Renua
Sinn Féin
Na Daonlathaithe Sóisialta
An Páirtí Sóisialach
Páirtí na nOibrithe
An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe
Páirtí na nDaoine Aontaithe

## Aguisín 2

### Sonraí faoi na síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta don bhliain 2016

#### An Comhaontas Frith-Dhéine agus Pobal roimh Bhrabús

Ainm agus seoladh an tsíntiúsóra	Tuairisc ar an síntiúsóir	Luach an tsíntiúis
Craobh 5 UNITE – The Union Sráid Keizer Port Láirge	Craobh Ceardchumainn	€2,500.00
Kieran Allen, 31 Bóthar Whitworth, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9	Duine aonair	€2,300.00
<b>Iomlán</b>		<b>€4,800.00</b>

#### Fine Gael

Ainm agus seoladh an tsíntiúsóra	Tuairisc ar an síntiúsóir	Luach an tsíntiúis
Maria Bailey TD	Duine aonair	€1,658.00
Richard Bruton TD	Duine aonair	€2,211.00
An Seanadóir Colm Burke	Duine aonair	€1,590.00
Catherine Byrne TD	Duine aonair	€2,052.00
Ciaran Cannon TD	Duine aonair	€1,585.00
Joe Carey TD	Duine aonair	€1,515.00
Deirdre Clune FPE	Duine aonair	€1,611.00
Marcella Corcoran Kennedy TD	Duine aonair	€1,646.00
Simon Coveney TD	Duine aonair	€2,459.00
Jim Daly TD	Duine aonair	€1,515.00
Pat Deering TD	Duine aonair	€1,585.00
Regina Doherty TD	Duine aonair	€2,229.00
Paschal Donohoe TD	Duine aonair	€1,722.00
Bernard Durkan TD	Duine aonair	€2,424.00
Damien English TD	Duine aonair	€1,778.00
Frances Fitzgerald TD	Duine aonair	€1,827.00
Charles Flanagan TD	Duine aonair	€1,701.00

Simon Harris TD	Duine aonair	€2,049.00
Brian Hayes FPE	Duine aonair	€1,860.00
Martin Heydon TD	Duine aonair	€1,798.00
Heather Humphreys TD	Duine aonair	€1,705.00
Paul Kehoe TD	Duine aonair	€1,729.00
Sean Kelly FPE	Duine aonair	€2,060.00
Enda Kenny TD	Duine aonair	€1,701.00
Sean Kyne TD	Duine aonair	€1,581.00
Helen McEntee TD	Duine aonair	€1,686.00
Mairead McGuinness FPE	Duine aonair	€1,598.00
Joe McHugh TD	Duine aonair	€1,641.00
Mary Mitchell-O'Connor TD	Duine aonair	€1,559.00
Eoghan Murphy TD	Duine aonair	€1,518.00
Hildegarde Naughton TD	Duine aonair	€1,501.00
Michael Noonan TD	Duine aonair	€2,193.00
Patrick O'Donovan TD	Duine aonair	€1,600.00
Fergus O'Dowd TD	Duine aonair	€1,581.00
John Paul Phelan TD	Duine aonair	€1,585.00
David Stanton TD	Duine aonair	€1,570.00
Leo Varadkar TD	Duine aonair	€1,701.00
<b>iomlán</b>		<b>€65,324.00</b>

### An Comhaontas Glas

Ainm agus seoladh an tsíntiúsóra	Tuairisc ar an síntiúsóir	Luach an tsíntiúis
An tUas. Brian Hurley, 63 Na Plásóga Glasa, Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath	Duine aonair	€2,500.00
An tUas. John Monahan, Ocean Heights, An Bóthar Uachtarach, Co. Shligigh	Duine aonair	€2,000.00
An tUas. Frank Keogh, 2 County Brook Lawns, Áth na Sceire, Co. Chill Mhantáin	Duine aonair	€2,000.00
<b>iomlán</b>		<b>€6,500.00</b>

## Páirtí an Lucht Oibre

Ainm agus seoladh an tsíntiúsóra	Tuairisc ar an síntiúsóir	Luach an tsíntiúis
An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (SIPTU), Halla na Saoirse, Baile Átha Cliath 1	Ceardchumann	€2,500.00
Brendan Howlin ,TD	Duine aonair	€2,400.00
<b>Iomlán</b>		<b>€4,900.00</b>

## Sinn Féin

Ainm agus seoladh an tsíntiúsóra	Tuairisc ar an síntiúsóir	Luach an tsíntiúis
An Seanadóir Niall Ó Donnghaile	Duine aonair	€2,500.00
An Seanadóir Fintan Warfield	Duine aonair	€2,500.00
Liadh Ní Riada FPE	Duine aonair	€2,500.00
Lynn Boylan FPE	Duine aonair	€2,500.00
Matt Carthy FPE	Duine aonair	€2,500.00
Pearse Doherty TD	Duine aonair	€2,499.00
Donnchadh Ó Laoghaire TD	Duine aonair	€1,845.00
Imelda Munster TD	Duine aonair	€1,845.00
Gerry Adams TD	Duine aonair	€1,845.00
Aengus Ó Snodaigh TD	Duine aonair	€2,500.00
Carol Nolan TD	Duine aonair	€2,500.00
Mary Lou McDonald TD	Duine aonair	€2,500.00
An Seanadóir Rose Conway Walsh	Duine aonair	€2,500.00
Marcus Mac Ruairí, 27 Ardbraccan, Dún Pádraig, BT30 6TZ	Duine aonair	€2,349.00
<b>Iomlán</b>		<b>€32,883.00</b>

## Na Daonlathaithe Sóisialta

Ainm agus seoladh an tsíntiúsóra	Tuairisc ar an síntiúsóir	Luach an tsíntiúis
Michael Chadwick, Teach Charraig Ghamhna, Bealach an Ghleanna Mhóir, Cill Mocheanóg, Co. Chill Mhantáin	Duine aonair	€2,500.00
Richard Speedie, 22 Plásóg an Chrainn Chreathaigh,	Duine aonair	€2,500.00

Cluain Saileach, Baile Átha Cliath 15		
<b>Iomlán</b>		<b>€5,000.00</b>

### An Páirtí Sóisialach

<b>Ainm agus seoladh an tsíntiúsóra</b>	<b>Tuairisc ar an síntiúsóir</b>	<b>Luach an tsíntiúis</b>
Naoimh Maloney Mahon, 7 Garrán Bolbrook, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24	Duine aonair	€1,040.00
Marion O'Sullivan, 69 Cúirt Dhónaill, Baile an Easpaig, Corcaigh	Duine aonair	€2,136.00
Mike Murphy, 23 Lisadell, Maryborough, Corcaigh	Duine aonair	€2,400.00
Mick Murphy, 78 Bealach an Teampaill Ghil, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16	Duine aonair	€1,188.00
John Burtchell, 5 Saddlers, Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15	Duine aonair	€1,800.00
Anthony Hetherington, 136 Plás Chill Barra, Corcaigh	Duine aonair	€2,160.00
James Touhy, Árasán 2, Sráid Newhanham, Luimneach	Duine aonair	€1,700.00
Helen Redwood, 185 Gleann Chaisleán an Churraigh, Baile Átha Cliath 15	Duine aonair	€1,690.00
Donal Griffin, 4 Halla na Seansaíreachta, Sráid an Rí Thuaidh, Baile Átha Cliath 7	Duine aonair	€1,800.00
Paul Murphy TD	Duine aonair	€2,496.00
Joe Higgins, 155 Clós na Drischoille, Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15	Duine aonair	€2,499.00
Terry Kelleher, 9 Clós Shleas an Chnoic, Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath	Duine aonair	€1,681
Conor McLiam, 6 Ascaill Choill na Giúise, Sráid an Áirséaraigh, Cill Chainnigh	Duine aonair	€1,800
Mick Barry TD	Duine aonair	€2,500
Ruth Coppinger TD	Duine aonair	€2,500
Eleni Vetsika, 9 Clós Shleas an Chnoic, Na Sceirí, Co.	Duine aonair	€1,000

Bhaile Átha Cliath		
Diana O'Dwyer, 15 Plás Thor, Bóthar na gCloch, Baile Átha Cliath 7	Duine aonair	€1,600
Michael O'Brien, 65 Corrán Bhallaí Robac, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath	Duine aonair	€1,250
Cian Prendiville, 45 Gairdíní Brookville, Luimneach	Duine aonair	€2,006
Lisa Maher, 78 Bealach an Teampaill Ghil, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16	Duine aonair	€2,400
Kieran Mahon, 7 Garrán Bolbrook, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24	Duine aonair	€1,872
<b>Iomlán</b>		<b>€39,518</b>

#### **An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe**

<b>Ainm agus seoladh an tsíntiúsóra</b>	<b>Tuairisc ar an síntiúsóir</b>	<b>Luach an tsíntiúis</b>
Pat English, Cashaniska, Ráth Rónáin, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann	Duine aonair/ Comhairleoir	€2,315.00
Seamus Healy TD	Duine aonair/TD	€2,400.00
<b>Iomlán</b>		<b>4,715.00</b>